**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Iascach*

**2020/2260(INI)**

28.4.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
agus chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

maidir leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol
(2020/2260(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Izaskun Bilbao Barandica

PA_NonLeg

# MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, agus ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina dtairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 maidir le Straitéis ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol (COM(2020)0381),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialú ar iascach (COM(2018)0368),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le rátaí cánach breisluacha (COM(2018)0020),

– ag féachaint don dréacht-tionscnamh ón gCoimisiún maidir le plean teagmhasachta le haghaidh an soláthar bia agus an tslándáil bhia a áirithiú mar a bheartaítear sa Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus ‘Ón bhFarraige go dtí an Forc’ arna moladh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe a ghealltanas cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear paindéim leanúnach COVID-19,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal ‘Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol’ (COM(2020)0380),

– ag féachaint do Threoir 2008/56 /CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[1] OJ L 164, 25.6.2008, lch. 19.
[2] IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
[3] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe[5],

– ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí[6],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc',

– ag féachaint do Thuairim Eolaíoch Uimh. 3/2017 ó Ghrúpa Ardleibhéil Comhairleoirí Eolaíocha Shásra an Choimisiúin le haghaidh Comhairle Eolaíoch dar dáta an 29 Samhain 2017 dar teideal 'Bia ó na hAigéin: Conas is féidir níos mó bia agus níos mó bithmhaise a fháil ó na haigéin ar shlí nach ndéanfadh a dtairbhí a bhaint de na glúnta atá le teacht?',

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Bealtaine 2016 maidir le hinrianaitheacht táirgí iascaigh agus dobhshaothraithe i mbialanna agus sa mhiondíol[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 30 Bealtaine 2018 maidir le cur chun feidhme beart rialaithe lena suitear comhréireacht táirgí iascaigh le critéir rochtana ar mhargadh AE[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 29 Bealtaine 2018 maidir le barrfheabhsú an tslabhra luacha in earnáil iascaireachta AE[9],

– ag féachaint don seasamh uaithi arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019 d'fhonn go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Ciste Eorpach Muirí, agus Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Samhain 2020 maidir le Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip[12],

A. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' rannchuidiú le clár oibre an Aontais maidir leis an athrú aeráide, an comhshaol a chosaint, a áirithiú go mbeidh táirgí sa slabhra luacha, agus tomhaltas bianna inbhuanaithe agus sláintiúla a

[4] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[5] IO L 354, 28.12.2013, lch. 1.
[6] IO L 257, 28.8.2014, lch. 135.
[7] IO C 76, 28.2.2018, lch. 40.
[8] IO C 76, 9.3.2020, lch. 54.
[9] IO C 76, 9.3.2020, lch. 2.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0343.
[11] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0005.
[12] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0321.

spreagadh;

B. de bhrí go bhfuil earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe ina gcuid dhílis de chóras bia AE a mbraitheann a athléimneacht agus a fhorbairt inbhuanaithe ar obair agus rannchuidithe iascairí agus feirmeoirí éisc Eorpacha, mar go bhfuil ról lárnach acu maidir le tacaíocht a thabhairt do ghné chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta pobal cósta, pobal oileánda agus pobal intíre iomadúil;

C. de bhrí gurb amhlaidh, mar gheall ar an ngéarchéim sláinte poiblí nach bhfacthas a leithéid cheana, arbh í paindéim COVID-19 ba chúis léi, a bheidh iarmhairtí ann don trádáil agus don mhargadh, agus de bhrí go bhfuil difear tromchúiseach á dhéanamh aici d'iascairí fud fad na hEorpa; de bhrí gurb amhlaidh, in ainneoin na rioscaí sláinte mar aon le praghas íseal an éisc, atá iascairí Eorpacha ag obair i gcónaí, atá siad ina bpríomhoibrithe, agus atá an ghéarchéim ina léiriú ar a thábhachtaí atá an t-iascach agus an dobharshaothrú i ndáil le rochtain ar bhia a áirithiú; de bhrí gur thug an tAontas freagairt ghearrthéarmach amhail rochtain níos solúbtha ar an gCiste Eorpach um Ghnóthaí Muirí agus um Iascach agus formheas Státchabhrach, i dteannta tacaíocht fhadtéarmach mar a leagtar amach sa Phlean Téarnaimh don Eoraip; de bhrí gur díol sásaimh é rún an Choimisiúin plean teagmhasachta a thíolacadh chun an soláthar bia agus an tslándáil bhia a áirithiú ar fud na hEorpa tráth géarchéime;

D. de bhrí gur gá go bhforfheidhmeofaí na rialacha maidir le hiomaíochas agus maidir leis an ngeilleagar sóisialta faoi chomheagrú na margaí (CEM), a síneann a phrionsabail siar go 1970, agus a creat a thabhairt cothrom le dáta le cláir shonracha agus le hionstraimí airgeadais sonracha chun rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an margadh a sholáthar d'oibrithe féinfhostaithe in iascaigh ar mhionscála chun cumhacht a thabhairt dá n-eagraíochtaí, a chruthaíonn luach sóisialta suntasach trí mhargaíocht a dtáirgí a dhíriú go héifeachtúil; de bhrí go ndearnadh na hoibrithe féinfhostaithe sin a eisiamh ó thacaíocht COVID faoi Rialachán (AE) 2020/560[13], tar éis gur chruthaigh siad go raibh siad an-tábhachtach don tsochaí le linn na paindéime, agus gur ghá dóibh dul i ngleic le rioscaí sláinte mar earnáil riachtanach i gcóras bia an Aontais Eorpaigh agus le laghduithe ar phraghsanna mar gheall ar dhúnadh earnáil an óstáin, na bialainne agus na lónadóireachta (HORECA);

E. de bhrí, i mBallstáit dhifriúla, go bhfuil traidisiúin agus custaim éagsula ann maidir leis an gcothú agus maidir le húsáid acmhainní bitheolaíocha atá ar fáil, lena n-áirítear iasc, sliogéisc agus moilisc; de bhrí gur cheart é sin a chur san áireamh agus beartais, moltaí, straitéisí ag a bhfuil tionchar ar speiceas éisc agus táirgí nach éisc iad atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de agus a úsáidtear de ghnáth in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe;

F. de bhrí go n-eascraíonn díghrádú na n-éiceachóras muirí agus cósta as an ró-iascaireacht agus as foghabhálacha speiceas muirí íogair agus gur siocair iad le cailliúint na bithéagsúlachta;

G. de bhrí, cé go gcloíonn earnálacha iascach, dobharshaothraithe agus próiseála AE leis

[13] Rialachán (AE) 2020/560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 508/2014 agus Uimh. 1379/3013 maidir le bearta sonracha chun tionchar ráig COVID-19 a mhaolú in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, IO L 130, 24.4.2020, lch. 1.

na caighdeáin is airde dá bhfuil ann ó thaobh na margaíochta, an chomhshaoil, na hinbhuanaitheachta agus na sochaí de, go dteastaíonn athbhreithniú agus formheas chun an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta a áirithiú feadh an tslabhra luacha ina iomláine, lena n-áirítear maidir le cearta saothair, maidir le sláinte ainmhithe agus maidir le leas ainmhithe; de bhrí go soláthraíonn na hearnálacha sin táirgí bia mara ardcháilíochta, agus go bhfuil ról bunúsach acu i ndáil leis an tslándáil bia agus le folláine chothaitheach an phobail a áirithiú; de bhrí go bhfuil sé fíorthábhachtach, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar staid earnáil an iascaigh agus earnáil an dobharshaothraithe sa mhargadh inmheánach agus ar allmhairí a dtáirgí chun samhail iascaireachta a bhaint amach a léiríonn an chothromaíocht idir na trí ghné bhunúsacha (an ghné chomhshaoil, an ghné shóisialta agus an ghné eacnamaíoch) atá molta i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár 2030 na Náisiún Aontaithe agus a 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe;

H. de bhrí nach bhfuil feidhm ag caighdeáin mhargaíochta an-ard in AE, lena n-áirítear caighdeáin chomhshaoil, inbhuanaitheachta agus shóisialta, ach maidir le 75 % de na gabhálacha a thugtar i dtír in AE agus maidir le níos lú ná 10 % d'allmhairí (toisc go n-eisiatar filléid agus iasc reoite), rud a fhágann líon mór táirgí allmhairithe a bheith ann nach gcloíonn leis na noirm agus na caighdeáin dhiana nach mór an earnáil atá lonnaithe in AE a chomhlíonadh, rud a chruthaíonn machaire aimhréidh agus a fhágann táirgeoirí AE a bheith faoi mhíbhuntáiste iomaíoch;

I. de bhrí go mbíonn éifeachtaí díobhálacha ag ró-úsáid lotnaidicídí sa talmhaíocht ar fhlóra agus fána uisceach;

J. de bhrí go bhfuil eagraíochtaí iascairí amhail cuallachtaí ina bpríomhghníomhaithe i gcórais bhia roinnt Ballstát, ina bhfeidhmíonn siad mar eintitis dlí phoiblí agus geilleagair shóisialta neamhbhrabúis a dhéanann ionadaíocht ar earnáil an iascaigh agus ina n-oibríonn siad i gcomhar leis an riarachán poiblí, ina ndéanann siad feidhmeanna leasa ghinearálta chun leasa na hiascaireachta muirí agus na n-oibrithe san earnáil iascaigh, mar aon le feidhmeanna gnó, táirgí margaíochta a chomhlíonadh agus seirbhísí comhairleacha agus bainistíochta a sholáthar;

K. de bhrí, sa tuarascáil uaidh a foilsíodh in 2020 ar staid an iascaigh agus an dobharshaothraithe dhomhanda, gur aithin Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe go bhfuil ról lárnach ag an iascach ar fud an domhain, agus fós gur mheabhraigh sí gurb í an ró-iascaireacht an bhagairt is mó ar a rannchuidiú agus go bhfuil sé d'acmhainneacht ag saothrú inbhuanaithe na stoc éisc cur le táirgiúlacht an iascaigh;

L. de bhrí, chun dramhaíl bhia a laghdú, gur gá feabhas a chur ar an lóistíocht agus ar an mbonneagar sa slabhra luacha chun úsáid na ngabhálacha uile agus inbhuanaitheacht an chórais bia a bharrfheabhsú;

M. de bhrí go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch i leith straitéisí agus bheartais éagsúla AE a bhaineann leis an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc';

N. de bhrí, mar gheall ar an gcomhchruinniú margaidh ginearálta agus ar an gclaonadh atá ag miondíoltóirí móra comhaontuithe a thabhairt i gcrích a bhíonn éagórach ar uairibh do tháirgeoirí príomhúla, go mbíonn tionchar diúltach ar an iascaireacht mhionscála;

O. de bhrí go n-áirítear ar chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), i measc cuspóirí eile, bianna a bhfuil ardluach cothaitheach acu a sholáthar do mhargadh AE, spleáchas mhargadh AE ar allmhairí bia a laghdú, agus a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí bia a cheannach ar phraghsanna réasúnta; de bhrí gur soiléire fós ón bpaindéim leanúnach go gcaithfidh AE a bheith in ann an tslándáil bia a ráthú go hiomlán dá shaoránaigh agus a spleáchas ar allmhairí bia ó thríú tíortha a laghdú;

P. de bhrí go bhfuil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ina bhfoinse thábhachtach próitéine agus ina ngné thábhachtach d'aiste bia fholláin; de bhrí go bhfuil níos mó ná leath na ndaoine fásta san Aontas róthrom, rud atá ina shiocair le leitheadúlacht ard galar a bhaineann leis an aiste bia amhail galar cardashoithíoch agus costais cúraim sláinte mhéadaitheacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil tomhaltas táirgí éisc agus dobharshaothraithe in AE fíoréagsúil ar fud na mBallstát;

Q. de bhrí, i gcomparáid le próitéiní eile ainmhithe, go bhfuil an tionchar is lú ó thaobh an chomhshaoil de ag iasc arna ghabháil san fhiántas toisc go maireann sé san fhiántas agus nach gá úsáid na talún, beathú saorga, soláthar uisce, nó antaibheathaigh nó lotnaidicídí dá tháirgeadh, agus, dá bhrí sin, gur léiriú gurb ea é ar an rogha is fearr i gcomhair próitéiní ainmhithe ó thaobh na slándála bia agus chosaint an chomhshaoil de;

R. de bhrí go dtéann iascairí i ngleic leis na cineálacha uile dramhaíola muir trí bheith ag iascaireacht bruscar muirí – bíodh sé go gníomhach nó go réamhghníomhach – agus trí chúnamh a thabhairt le bruscar, rud a chabhraíonn le feabhas a chur ar an muirthimpeallacht agus ar inbhuanaitheacht na hearnála;

S. de bhrí go raibh obair na n-iascairí agus na hiarrachtaí leanúnacha ar CBI a chur chun feidhme ina siocair le feabhsuithe ar phobail éisc AE agus gur fhág siad gur baineadh torthaí dearfacha eile amach trí bhainistiú iascaigh éifeachtúil, eolaíocht-bhunaithe a bhí dírithe ar an inbhuanaitheacht, ar iascach freagrach, agus ar thionchar an iascaigh tráchtála ar éiceachórais, agus a bhí fothaithe ar spriocanna bainistíochta uaillmhianacha, arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta; de bhrí go bhfuil paraiméadair comhshaoil fós ann ar ina leith is gá breis iarrachtaí chun feabhas a chur orthu;

T. de bhrí go bhfuil earnáil an iascaigh ag cuidiú le fada an lá le táirgí ardcháilíochta a sholáthar do thomhaltóirí Eorpacha a chomhlíonann caighdeáin arda cothaithe agus sábháilteachta bia, agus go bhfuil sí anois ina ceannaire domhanda ó thaobh na hinbhuanaitheachta de;

U. de bhrí gur tháinig laghdú 18 % ar ídiú breosla agus astaíochtaí $CO_2$ ón iascaireacht idir 2009 agus 2018; de bhrí, cé go bhfuil méadú tagtha i gcaitheamh na mblianta ar éifeachtúlacht fuinnimh chabhlach iascaireachta AE – tonaí éisc in aghaidh an lítir breosla – a bhuí le hoiriúnú na dteicneolaíochtaí nua agus na bhfeabhsuithe ar stoic éisc, go mbeidh deacrachtaí fós ag an iascach mar gheall ar an athrú aeráide, a dhéanann dochar dó seachas é a bheith ina shiocair leis, mar a léiríonn an iliomad feiniméin nádúrtha amhail méaduithe ar theocht an uisce a raibh tionchar an-diúltach acu ar bhrabúsacht na hearnála, agus a mbeidh tionchar an-diúltach acu fós uirthi;

V. de bhrí, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le CEM i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, gur den riachtanas é tomhaltóirí a chur ar an eolas, trí fheachtais mhargaíochta agus oideachais, faoi luach a bhaineann le hiasc a ithe agus

faoin raidhse speiceas atá ar fáil, agus freisin faoina thábhachtaí atá sé an fhaisnéis atá ar lipéid a thuiscint; de bhrí gur léir go bhfuil faisnéis faoin tír thionscnaimh agus inrianaitheacht táirgí iascaigh chun leasa thomhaltóirí AE, ach nach gceanglaítear le reachtaíocht AE atá ann cheana go gcuirfí tionscnamh an táirge deiridh ullmhaithe nó caomhnaithe in iúl, cé go bhfuil sé sin éigeantach don earnáil gabhála; de bhrí go bhfuil faisnéis faoi inrianaitheacht agus faoi tháirgeadh inbhuanaithe in easnamh, dá bhrí sin, sa slabhra luacha bia;

1. á chur i bhfáth gur dlúthchuid de chóras bia shlabhra soláthair AE iad CBI agus córas feidhmiúil um rialachas ar fharraigí na hEorpa agus go n-idirghníomhaíonn siad go dlúth le colúin sláinte agus chomhshaoil na hEorpa atá i gcroílár na Straitéise 'ón bhFeirm go dtí an Forc'; á chur in iúl gur cúis mhór díomá di an easpa béime agus uaillmhéine maidir le rannchuidiú agus acmhainneacht earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'; á chur i bhfáth go bhfágann an easpa uaillmhéine sin go bhfuil sé níos deacra don Aontas cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus ag tabhairt rabhadh gurb é a thiocfaidh di ná níos lú deiseanna agus níos lú ioncaim d'iascairí, táirgeoirí dobharshaothraithe agus oibrithe AE feadh shlabhra soláthair an éisc agus an bhia mara; á iarraidh go leathnófar an straitéis chuig Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc agus ón bhFarraige go dtí an Forc', agus go n-athainmneofar teideal na straitéise mar 'Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc agus ón bhFarraige go dtí an Forc' do chóras bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol';

2. á chur i bhfáth gur cheart an straitéis reatha a chomhtháthú le cur chuige trasearnálach i leith an iascaigh lena ndéanfar príomhreachtaíocht AE maidir leis an ábhar a chur san áireamh agus i bhfianaise chuspóirí na straitéise, lena dtabharfar aird chuí ar na trí cholún den fhorbairt inbhuanaithe – an colún sóisialta, an colún eacnamaíoch agus an colún an chomhshaoil –chun a áirithiú go mbeidh an córas bia a bheidh ann amach anseo níos córa, níos sláintiúla agus níos measúla ar an gcomhshaol; ag tathant ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar nádúr sonrach earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe in aon tograí, straitéisí nó treoirlínte reachtacha todhchaíocha a fhéadfaidh sé a tharraingt suas mar thoradh ar an straitéis agus an bhearna a líonadh le tionscnaimh bhreise iomchuí;

3. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé comhordú agus tacaíocht fhrithpháirteach a áirithiú idir na tionscnaimh uile maidir leis an gComhaontú Glas, agus idir cuspóirí an Aontais agus cuspóirí na mBallstát maidir leis an tslándáil bia, maidir leis an athrú aeráide, maidir le hacmhainní nádúrtha muirí agus bainistíocht inbhuanaithe iascaigh, i measc nithe eile;

4. ag aithint go bhfuil an t-iascach ar cheann de na córais is éifeachtúla agus is cliste ó thaobh na haeráide de lena n-áirithítear bia sláintiúil agus inbhuanaithe agus lena ráthaítear, ag an am céanna, go maireann iascairí faoi dhínit san Aontas;

5. á chur in iúl gur geal léi aitheantas an Choimisiúin do phríomhoibrithe le linn phaindéim COVID-19; á chur i bhfáth go bhfuil oibrithe iascaigh, ní oibrithe san earnáil agraibhia, agus iadsan amháin, sa chatagóir sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dlús a chur lena iarrachtaí ar fheabhas a chur ar staid iascairí na hEorpa sa slabhra luacha tríd an tsláinte agus an tsábháilteacht san ionad oibre a fheabhsú, trí phá cuibhiúil

a ráthú dóibh agus trína saoirse gluaiseachta a chosaint, go háirithe tráth géarchéime;

6. ag leagan béim ar an dlúthchaidreamh idir gníomhaíochtaí iascaireachta agus caomhnú na bithéagsúlachta agus ag cur béim ar thionchar diúltach na hiascaireachta inbhuanaithe ar an mbithéagsúlacht; á chur i bhfáth, áfach, nach féidir ach an iascaireacht inbhuanaithe srian a chur leis an tionchar diúltach ar speiceas, gnáthóga agus éiceachórais, agus freisin le héifeachtaí an athraithe aeráide;

7. á chur i bhfáth, áfach, go gcaithfear, cuspóirí na straitéise a bhaint amach go hiomlán agus go héifeachtach, réamh-mheasúnú tionchair socheacnamaíoch forleathan a dhéanamh chun na hiarmhairtí uile a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta arna moladh ar phobail chósta an Aontais agus ar tháirgiúlacht agus iomaíochas a iascach a mheas; á chur i bhfáth, thairis sin, go bhféadfadh an t-aistriú chuig samhail inbhuanaithe táirgeachta agus tomhaltais tarlú de réir a chéile agus ar dhóigh a bheadh i gcomhréir le cumais thionscal iascaigh AE;

8. á chur i bhfáth gur rímhinic a bhíonn baol ann, mar gheall ar thrasuí prionsabal cóir agus inghlactha, go gcruthófaí cleachtais throma agus iomarcacha ba dheacair d'iascairí a chur i bhfeidhm, gan na cuspóirí sin, a raibh sé mar aidhm leis na prionsabail sin iad a ghnóthú, a bhaint amach i ndáiríre; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nár cheart tograí na straitéise a bheith ina n-ualach airgeadais nó maorlathach iomarcach ar oibreoirí in earnáil an iascaigh;

9. ag aontú leis an gCoimisiún gur gá a áirithiú go ndéanfar na príomhphrionsabail a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a urramú, go háirithe maidir le hoibrithe neamhbhuana, séasúracha agus neamhdhearbhaithe; á chur i bhfáth, chuige sin, gur cheart céimeanna praiticiúla a ghlacadh chun freastal ar an riachtanas sin, trí níos mó comhair le comhlachtaí AE don idirphlé sóisialta, amhail an Coiste um Idirphlé Earnála in AE maidir le hIascaigh Mhara, agus tionscnaimh reachtacha á dtarraingt suas chun cuspóirí na straitéise a bhaint amach;

10. á chur i bhfáth gur cheart tosaíocht a thabhairt do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a chaitheamh le cur chun cinn na n-aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe mar chuid den straitéis sin agus mar chuid de straitéis an Aontais maidir leis an athrú aeráide, toisc gur foinse thábhachtach próitéine iad a bhfuil lorg carbóin beag acu agus atá ina ngné ríthábhachtach d'aiste bia fholláin, agus go dtarraingíonn siad aird ar luach obair na n-iascairí agus na mban san earnáil, agus ar luach an dobharshaothraithe; ag meabhrú go bhféadfadh an dobharshaothrú agus an t-iascach inbhuanaithe poist ghlasa a chruthú agus á mheas gur cheart aistriú éiceolaíoch na gcóras bia i gcoitinne, agus aistriú éiceolaíoch an iascaigh go háirithe, a dhéanamh ar bhealach lena n-áiritheofaí ioncam cóir d'earnáil an iascaigh, lena neartófaí a staid sa slabhra luacha trí ghrúpáil a spreagadh i gcuallachtaí, i gcomharchumainn, i gcomhlachais nó in eagraíochtaí eile, agus trí fhaireachán iomchuí a dhéanamh faoi chuimsiú Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála[14];

11. ag leagan béim ar thionchar íseal comhshaoil an iascaigh i ngnéithe áirithe agus ar

[14] Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59).

tháirgeadh bia shláintiúil na hearnála, ós rud é nach bhfuil aon bheathú saorga, antaibheathaigh, leasacháin ná lotnaidicídí ceimiceacha i gceist; á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, a bhuí lena airíonna croíshláintiúla, go bhfuil acmhainneacht mhór ag tomhaltas an éisc aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte poiblí san Eoraip maidir le leitheadúlacht ard galar a bhaineann leis an aiste bia, amhail galar cardashoithíoch;

12. á thabhairt faoi deara gurb é CBI an creat dlíthiúil reatha don iascach, arb é is aidhm dó bia sláintiúil atá bunaithe ar an bhfarraige a sholáthar i gcomhréir le prionsabail inbhuanaithe, shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil le haghaidh bainistiú iascaigh, lena n-áirithítear saothrú inbhuanaithe bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara, agus lena n-athbhunaítear agus lena gcoinnítear pobal na speiceas a ghabhtar os cionn na leibhéal is féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a áirithiú, agus fós brabúsacht gníomhaíochtaí iascaireachta a áirithiú;

13. ag leagan béim ar an ról tábhachtach is féidir a bheith ag mná i ndáil leis an iasc arna ghabháil a phróiseáil, a chur chun cinn agus a mhargú;

14. á thabhairt chun suntais go bhfuil an phaindéim leanúnach ina léiriú ar an ngá atá ann go ndéanfadh AE an tslándáil agus an biafhlaitheas a fheabhsú agus a choimirciú chun a spleáchas ar allmhairí bia ó thríú tíortha a laghdú; ag aontú le forbairt plean theagmhasaigh chun soláthar bia agus slándáil bia an Aontais a áirithiú i gcás géarchéimeanna a bheith ann amach anseo; á mheabhrú go bhfuil sé de chuspóir ag CBI rannchuidiú le soláthar bia ardchothaithigh do mhargadh an Aontais agus spleáchas mhargadh AE ar allmhairí bia a laghdú; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur gá gluaiseacht i dtreo comhtháthú cliste córas bia domhanda, réigiúnach agus áitiúil, agus fós bealaí gearra shlabhra luacha an iascaigh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an tslándáil bia, i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh aonair;

15. á chur i bhfios go láidir gur mar a chéile an Straitéis Bhithéagsúlachta agus an Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’; á iarraidh, dá bhrí sin, go gceapfar measúnuithe costais iomlána chuspóirí bithéagsúlachta an Choimisiúin ó thaobh na dtionchar a bhaineann leis an mbrú iascaireachta, agus, ar an gcaoi sin, an táirgeadh bia, a laghdú;

16. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, agus na cuspóirí agus na bearta a mholtar sa straitéis agus san aistriú chuig córas bia inbhuanaithe á gcur chun feidhme, a chaithfear aird chuí a thabhairt ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na gcóras bia agus ar iomaíochas earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa, lena n-áirítear ioncam cóir do na táirgeoirí príomhúla; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé go rachfaí i gcomhairle go cuiditheach, go héifeachtach agus go cothrom le hiascairí agus le táirgeoirí dobharshaothraithe agus le geallsealbhóirí ábhartha eile a dhéanann ionadaíocht ar an slabhra luacha in aon chinneadh a bhaineann leis an Straitéis bheartaithe ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc agus ón bhFarraige go dtí an Forc’;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na gníomhaireachtaí ábhartha den Aontas, lena n-áirítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, measúnú a dhéanamh ar cibé an féidir algaí a bheith ina bhfoinse shábháilte, shláintiúil agus inbhuanaithe bia i gcomhthéacs na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’;

18. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil atá beartaithe ag an gCoimisiún ar fheidhmiú CBI, atá le foilsiú faoin 31 Nollaig 2022, tuarascáil ina gcaithfear díriú ar na rioscaí atá ann,

mar gheall ar an athrú aeráide, d'inbhuanaitheacht speiceas agus ar an gcuspóir i dtaobh uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach; ag cur béim ar an ngá atá ann, áfach, go mbeadh cur chuige foriomlán ann chun go mbeadh stoic éisc ar leibhéil inbhuanaithe agus chun éiceachórais mhuirí agus chósta a athbhunú, faoinar cheart díriú freisin ar thairbhí agus inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe, lena n-áirítear éifeachtaí speiceas coimhthíoch ionrach a chuireann speicis de thábhacht eacnamaíoch i mbaol, agus fós iarrachtaí comhbheartaithe a dhéanamh ar a dtionchar a laghdú; á iarraidh go ndéanfar obair leantach ar an tuarascáil sin le tograí reachtacha nó neamhreachtacha agus gníomhaíochtaí chun cuspóirí CBI a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr i bhfianaise na ndúshlán nua atá roimh earnáil an iascaigh agus go dtabharfar aghaidh inti ar aon easnaimh a d'fhéadfadh a bheith suntasach;

19. á chur i bhfáth go gcaithfidh an Coimisiún agus na Ballstáit an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun feabhas a chur ar cháilíocht uiscí AE agus chun cosc a chur ar shubstaintí tocsaineacha a bheith sa slabhra bia; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith na muirthimpeallachta agus dul i ngleic le bunchúiseanna an truaillithe uisce, lena n-áirítear bruscar muirí agus fuíolluisce uirbeach agus tionsclaíoch, agus deireadh a chur le cleachtais atá díobhálach don mhuirthimpeallacht agus do shláinte an duine;

20. á chur in iúl gur geal léi ról Threoirlínte Straitéiseacha AE d'Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothrú AE do 2021-203, a fógraíodh le déanaí; ag leagan béim ar ról bunúsach an dobharshaothraithe agus ar ngá atá ann é a fhorbairt mar chloch choirnéil i ndáil le neamhthuilleamaíocht an bhia shláintiúil a áirithiú; á iarraidh go ndéanfar na treoirlínte sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras agus á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, go bhfuil gá le treoirlínte sonracha maidir le sliogéisc agus maidir leis an dobharshaothrú intíre chun treoir a sholáthar i dtaobh bainistiú níos fearr agus i dtaobh inbhuanaitheacht mhéadaithe, mar aon le tuilleadh cistithe do na hearnálacha sin faoin gCiste Eorpach Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) nua;

21. á chur i bhfios go láidir gur cheart an obair leanúnach atá á déanamh ar an Straitéis bheartaithe 'Ón bhFeirm go dtí an Forc agus ón bhFarraige go dtí an Forc' spreagadh a fháil ó chleachtais atá ann cheana a chomhlíonann cuspóirí inbhuanaitheachta na straitéise reatha, amhail cineálacha áirithe bainistithe dobharshaothraithe lena soláthraítear seirbhísí comhshaoil agus sóisialta freisin, agus gur cheart na cleachtais sin a bheith ina mbonn leo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht leormhaith a éascú, a spreagadh agus a sholáthar i leith dobharshaothrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol amhail dobharshaothrú ísealtionchair, dobharshaothrú córais iata, algaí, sliogéisc, feirmeoireacht éisc linne nó córais dobharshaothraithe iltrófaigh comhtháite mar chodanna tábhachtacha den gheilleagar ciorclach agus mar shiocair leis an gclaochlú cothaitheach iomarcach i bpróitéin ardcháilíochta;

22. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear san áireamh sna pleananna d'fhorbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe na príomhbhacainní ar fhorbairt acmhainneacht na hearnála agus go n-aithneofaí an gá atá le spás a leithdháileadh ar dhobharshaothrú trí phleanáil spásúil iomchuí; á thabhairt chun suntais

a thábhachtaí atá sásra trédhearcach agus rannpháirteach, i gcomhréir le Treoir 2014/89/AE maidir le pleanáil spásúil mhuirí, chun an spás a leithdháileadh ar na geallsealbhóirí uile ar bhealach cothrom, lena n-áirítear ar thailte iascaireachta agus ar fheirmeacha dobharshaothraithe atá ann cheana agus atá nua; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil creat dlíthiúil láidir, iontaofa agus soiléir ag teastáil chun dobharshaothrú a fhorbairt chun spás agus ceadúnais a úsáid lena gcuirtear muinín agus slándáil ar fáil don infheistíocht san earnáil;

23. á chur in iúl gur geal léi an rún atá ann dobharshaothrú orgánach a chur chun cinn agus ag cur béim ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis sin do tháirgeoirí dobharshaothraithe ós rud é go bhfuil acmhainneacht fhairsing forbartha agus fáis aige nach bhfuil leas bainte as fós; á chur i bhfios gur féidir cúnamh a thabhairt don aistriú tríd an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID);

24. á chur i bhfáth go bhfuil cleachtas coitianta ann le fada in earnáil an dobharshaothraithe táirgí ainmhithe nach bhfuil in úsáid (nó atá inúsáidte) a athúsáid lena gcaitheamh ag an duine; á chur i bhfios gur gá, ar mhaithe le geilleagar ciorclach, infheistíocht shuntasach a dhéanamh chun sineirgí a chruthú idir dobharshaothrú agus dramhaíl bhia agus chun tacú le próisis shuáilceacha chun dramhaíl dobharshaothraithe (amhail algaí) a athúsáid chun éisc a chothú;

25. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tacú le samhlacha gnó glasa, amhail na samhlacha sin atá bunaithe ar cheapadh carbóin, chun slabhraí soláthair a dhéanamh níos inbhuanaithe; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, go bhféadfadh cleachtais áirithe dobharshaothraithe, amhail feirmeoireacht diúilicíní nó oisrí, a bheith ina samhail rathúil don todhchaí i gcomhthéacs an Chórais Trádála Astaíochtaí; á iarraidh ar an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh i ngnó glas den chineál seo i bhfianaise chuspóirí na straitéise;

26. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún treoirlínte maidir le soláthar bia inbhuanaithe i lónadóireacht institiúideach a fhoilsiú agus ag tathant ar an gCoimisiún táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a áireamh sna treoirlínte sin;

27. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun dlús a chur le cur in úsáid na réiteach éifeachtúlachta fuinnimh sa mhargadh in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil an bhia; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur cheart an earnáil dobharshaothraithe a chur san áireamh sna gníomhaíochtaí sin freisin chun leas a bhaint as gach cineál féideartha táirgthe fuinnimh a bhfuil baint acu leis na cineálacha feirmeoireachta sin agus chun córas táirgeachta tomhaltais nialasaigh a chur chun cinn;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar cháilíocht uisce agus rialú galar agus chun dlús stocála i dtáirgeadh dobharshaothraithe a theorannú ar mhaithe le sláinte an duine agus leas ainmhithe;

29. á chur i bhfáth gur rómhinic ar fad go gcuirtear gach táirge orgánach i réim praghsanna nach bhfuil teacht ag an gcuid is mó de thomhaltóirí na hEorpa orthu; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá córas cothrom praghsanna a bhunú ar leibhéal an Aontais do tháirgí orgánacha ionas nach dornán daoine amháin a bhfuil teacht acu orthu ach go bhféadfaidh siad a bheith mar bhonn le hithe sláintiúil do chách;

30. á chur in iúl gur geal léi a thoilteanaí atá an Coimisiún díriú níos mó ar infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht agus i gcleachtais ghlasa agus dhigiteacha, ach á chur in iúl go bhfuil díomá uirthi nach bhfuil aon trácht go fóill ar iascaigh ná ar earnáil an dobharshaothraithe; ag cur béim ar an ngá práinneach atá ann tacaíocht a thabhairt d'iascairí agus do ghníomhaithe i slabhra soláthair na dtáirgí éisc san aistriú chuig breis cleachtas digiteach trí mhórinfheistíocht a dhéanamh san oiliúint, agus trí mhaoiniú a thabhairt don digitiú agus don athrú go cleachtais agus uirlisí 'glasa';

31. á iarraidh go gcuirfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit feabhas agus cuíchóiriú ar an lipéadú, lena n-áirítear trí chóid atá inléite go digiteach, a dhéantar ar gach táirge iascaigh agus dobharshaothraithe ar leibhéal an Aontais, bíodh siad úr, reoite nó a bheith á bpróiseáil nó á ndíol i mbialanna agus trí mhiondíoltóirí agus mórdhíoltóirí araon, chun inrianaitheacht a áirithiú maidir leis an áit tionscnaimh, speicis agus faisnéis faoi ghnéithe eile amhail modhanna táirgthe, lena n-áirítear ó allmhairí ó thríú tíortha;

32. ag cur béim ar an ngá atá le córas inrianaitheachta bia san Aontas lena gcuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe agus lena bhfreagrófar d'éilimh na dtomhaltóirí trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le cá háit, cathain, conas agus cad iad na héisc a gabhadh nó a saothraíodh, go príomha chun sábháilteacht bia a fheabhsú ach chun seiceálacha a chumasú freisin ar fud shlabhra táirgí an Aontais agus allmhairí tríú tíortha agus chun calaois agus iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac; á iarraidh go mbeadh cur chuige comhordaithe ann chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na tionscnaimh éagsúla maidir leis an tsaincheist sin agus chun measúnú a dhéanamh ar chostais agus tairbhí na roghanna éagsúla do thomhaltóirí, do tháirgeoirí agus don mhargadh inmheánach ina iomláine i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[15] chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme ar bhealach atá chomh héifeachtúil agus is féidir; á chreidiúint gur cheart do na gníomhaithe uile a bheith rannpháirteach sa slabhra luacha sa chóras sin ionas gur féidir leo comhoibriú lena chéile, trí úsáid a bhaint as córais dhigiteacha shimplí atá éasca le húsáid agus nach mbaineann costais iomarcacha leo d'oibreoirí, go háirithe do ghnólachtaí beaga;

33. á chur i bhfáth go bhfuil ríthábhacht ag baint le sásraí maithe inrianaitheachta maidir le hinbhuanaitheacht do na táirgí uile a dhíoltar ar mhargaí AE chun trédhearcacht a áirithiú do thomhaltóirí, don earnáil agus do na riaracháin éagsúla; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tacú le cur chun feidhme na rialacha maidir le faisnéis mhíthreorach i ndáil le hinbhuanaitheacht táirgí bia agus creat inbhuanaithe AE maidir le lipéadú bia a fhorbairt agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach; á chur i bhfáth go gcuirfidh an chéim sin le luach táirgí inbhuanaithe agus go gcosnófar cearta na dtomhaltóirí leis; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt maidir le huirlisí digiteacha le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí a tharchuirtear trí na naisc uile sa slabhra luacha, lena n-áirítear ardáin atá ann cheana, chun idir-inoibritheacht a chur chun cinn agus éifeachtúlacht na gcóras atá ann cheana a fheabhsú;

34. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún a mhachnamh ar ráitis chomhshaoil a eisiúint a

[15] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

chomhlíonann critéir láidre atá aitheanta go hidirnáisiúnta, amhail caighdeán Uimh. 14024 de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) ar cheart é a bheith bunaithe ar mheasúnú saolré iomlán seachas ar aon ghné amháin den inbhuanaitheacht agus ar cheart iad a chur chun feidhme tríd an ualach riaracháin agus airgeadais a choinneáil chomh híseal agus is féidir, go háirithe d'iascairí ar mhionscála agus do FBManna; á chur i bhfáth, chun na críche sin, nach mór an lipéadú a bheith oibiachtúil, bunaithe ar shonraí eolaíocha a dtugtar tacaíocht dóibh trí fhíorú neamhspleách dian, gan idirdhealú a dhéanamh maidir le luach cothaitheach iarbhír an bhia, agus chun faisnéis uileghabhálach agus shonrach a chur ar fáil faoi na cothaithigh sa táirge, bunaithe ar iontógálacha tagartha an ghnáth-thomhaltóra, gan roghanna ceannaigh a chur ar míthreoir ná tionchar a imirt orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011[16]; á chur i bhfáth, ina theannta sin, go bhfuil ról le himirt ag gnólachtaí chun a áirithiú go mbeidh na táirgí iascaigh a sholáthraíonn siad inrianaithe siar go dtí an pointe tionscnaimh, agus ról acu freisin i soláthar na faisnéise go léir atá ag teastáil ó na tomhaltóirí chun roghanna cothaithe eolacha, sláintiúla agus glasa a dhéanamh;

35. ag tathant ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, oibleagáid a thabhairt isteach tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi lipéadú maidir le tionscnamh agus inrianaitheacht i gcás na dtáirgí uile éisc agus bia mara atá ullmhaithe nó leasaithe amhail crústaigh, moilisc agus caibhéar agus, ar mhaithe le cothrom na Féinne a áirithiú, meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 1379/2013 maidir le CEM i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus togra a chur le chéile, más iomchuí;

36. á chur i bhfios go bhféadfadh caighdeáin éagsúla idir táirgí ón Aontas agus ó thríú tíortha a bheith faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht in éagmais cóineasú domhanda ar chaighdeáin inbhuanaitheachta; á chur i bhfáth, chun na críche sin, gur cheart na rialacha maidir le lipéadú agus inrianaitheacht do tháirgí AE a chur i bhfeidhm maidir le táirgí allmhairithe freisin; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá an reachtaíocht atá ann faoi láthair a choigeartú chun an ceangal a chur isteach go ndearbhófar tionscnamh an táirge dheiridh ó tháirgí de chuid an Aontais agus ó tháirgí tríú tíortha a chuirtear le chéile i línte táirgeachta;

37. ag cur béim ar an ngá atá le creat dlíthiúil comhchuibhithe AE chun córas lipéadaithe cothaithe ar aghaidh na pacáistíochta a fhorbairt ar leibhéal an Aontais, bunaithe ar fhianaise eolaíoch neamhspleách; ag tathant ar na Ballstáit tacú le cur chun feidhme chóras an Aontais maidir le próifíliú cothaitheach a bheidh ann amach anseo agus staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha a d'fhéadfadh bac a chur ar chomhchuibhiú iarrachtaí an Choimisiúin; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an ngá atá ann athruithe a chur san algartam chun na próifílí cothaitheacha sin a chruthú ionas go gcuirfear óimige-3 san áireamh ar bhealach dearfach agus cóimheas na saillte sáithithe agus neamhsháithithe a mheas nuair a bhíonn pointí pionóis á sannadh;

38. á chur i bhfios gur féidir táirgí iasc, crústach agus moileasc a chosaint trí na scéimeanna cáilíochta Eorpacha do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair; ag tabhairt dá haire gur féidir leis na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, an téarma roghnach cáilíochta 'táirge ó fheirmeoireacht oileán' a úsáid

[16] Rialachán (CE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis faoi bhia a chur ar fáil do thomhaltóirí, IO L 304, 22.11.2011, lch. 18.

freisin, lena n-áirítear táirgí iasc, crústach agus moileasc, chun feabhas a chur ar infheictheacht na dtáirgeoirí atá bunaithe ar oileánacha; á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar shonrúcháin réigiúnacha bhreise a thabhairt isteach don earnáil iascaigh agus don earnáil dobharshaothraithe, d'fhonn infheictheacht a dtáirgeoirí agus a dtáirgí nach bhfuil incháilithe le haghaidh cosanta faoi na scéimeanna cáilíochta Eorpacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a chur chun cinn;

39. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé éigeantach deimhnithe gabhála digitithe a úsáid;

40. á chur i bhfáth gur gá leanúint de shaothrú freagrach acmhainní iascaigh a chur chun cinn agus d'iascaireacht NNN a chomhrac trí bheartas comhaontuithe iascaigh inbhuanaithe le tíortha nach bhfuil in AE a neartú do shoithí Eorpacha a sholáthraíonn táirgí ar ardchaighdeán;

41. ag tabhairt dá haire go gcuireann earnálacha iascaigh, dobharshaothraithe agus próiseála an Aontais caighdeáin dhiana chomhshaoil agus shóisialta i bhfeidhm cheana féin, caighdeáin a ndéanfar athbhreithniú orthu freisin chun a áirithiú go mbeidh táirgí ar cháilíocht níos airde ann; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, prionsabal na cómhalartachta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí iascaigh a thagann isteach i margadh an Aontais ó thríú tíortha agus toirmeasc a chur ar tháirgí a thagann as iascaireacht NNN;

42. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige neamhfhulaingthe maidir le hiascaireacht NNN i bhfianaise chineál domhanda an fheiniméin sin agus gur gá beartas comharsanachta comhsheasmhach agus comhleanúnach a ghlacadh i ndáil le bainistiú iascaigh, agus Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle maidir le hiascaireacht NNN[17] (Rialachán NNN) á fhorfheidhmiú go hiomlán ag an am céanna; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur cheart go n-áireofaí sna comhaontuithe trádála a shínítear le tríú tíortha caibidlí maidir le hiascaireacht inbhuanaithe atá i gcomhréir le beartais an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe, le CBI agus le forálacha Rialachán NNN; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht d'iascairí, do chabhlaigh agus do FBManna AE atá ag feidhmiú in earnáil an bhia mhara chun a seasamh sa slabhra luacha a neartú agus a fheabhsú; á mheabhrú nach ceart taraif-chuótaí uathrialacha a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil soláthar leormhaith bia mara ann do mhargadh AE agus nach féidir leas a bhaint astu chun brú a chur ar sholáthar agus ar phraghsanna tháirgeoirí an Aontais;

43. á chur i bhfáth gur cheart do AE faireachán leanúnach a dhéanamh ar na hiarrachtaí a dhéanann tríú tíortha a bhfuil taraifí fabhracha le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe deonaithe dóibh chun iascaireacht NNN a chomhrac; á chur i bhfáth go bhfuil sé fíor-riachtanach do AE lánúsáid a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil dó i gcomhréir le Rialachán NNN, lena n-áirítear an 'cárta dearg', mura gcomhlíonann tír ar deonaíodh taraifí fabhracha di ceanglais AE maidir le cearta saothair, iascaigh inbhuanaithe agus inrianaitheacht táirgí iascaigh;

44. ag cur béim ar an ngá atá ann cothrom na Féinne a áirithiú do na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe uile a chuirtear ar an margadh san Aontas beag beann ar a dtionscnamh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, cur chun

[17] OJ L 286, 29.10.2008, lch. 1.

feidhme na gceanglas sábháilteachta, sláinteachais agus cáilíochta reatha AE a áirithiú, lena n-áirítear caighdeáin mhargaíochta maidir le gach táirge iascaigh agus dobharshaothraithe sa mhargadh inmheánach;

45. á mheabhrú nach mór dul chun cinn a dhéanamh fós ionas gur féidir le comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a bheith inbhuanaithe i ndáiríre; á thabhairt chun suntais nach mór do na comhaontuithe sin a bheith i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus nach ceart dóibh bagairt a dhéanamh ar an earnáil iascaigh ar mhionscála i dtríú tíortha ná an bonn a bhaint den tsláindáil bia áitiúil;

46. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé feasacht na dtomhaltóirí a mhéadú agus á iarraidh go mbeadh ar gach táirge iascaigh allmhairithe a thagann isteach i margadh an Aontais cloí leis na híoschaighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, mar a leagtar síos i gCoinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair C188 maidir le hObair san Iascaireacht agus a chuirtear chun feidhme san Aontas trí Threoir (AE) 2017/159[18] ón gComhairle, chun cosc a chur ar shaoránaigh an Aontais éisc a ithe agus gan a fhios acu gur ghabh soithí nach gcomhlíonann na dálaí sóisialta íosta iad;

47. ag tathant ar an gCoimisiún liosta a dhréachtú de na hearraí atá mar thoradh ar shaothar leanaí nó ar shaothar éigeantais agus de thuarascálacha comhfhreagracha lena n-úsáid ag lucht ceaptha beartais AE agus ag cuideachtaí AE chun measúnuithe riosca a dhéanamh, chun dícheall cuí a dhéanamh maidir le slabhraí soláthair agus straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaothar leanaí agus ar shaothar éigeantais; ag spreagadh an Choimisiúin an liosta a úsáid mar uirlis chun gníomh a dhéanamh i gcoinne soithí iascaireachta neamhchomhlíontacha agus tríú tíortha neamh-chomhoibríocha, cosúil leis an méid a leagtar síos i gCaibidil VII de Rialachán NNN, go háirithe chun srian nó bac a chur ar allmhairí ó shoithí iascaireachta nó ó náisiúin iascaireachta a cuireadh ar an liosta dubh as mí-úsáid thromchúiseach saothair agus as gan cearta bunúsacha an duine ar bord soithí iascaireachta a chomhlíonadh;

48. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá EMFAF nua chun farraigí agus aigéin a bheidh á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe a chumasú, forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe a chur chun cinn, earnáil an iascaigh a nuachóiriú i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh, deiseanna nua fostaíochta agus ioncaim a chruthú, tacú le cleachtais inbhuanaithe, buntáiste a thabhairt don athnuachan glúine, lena n-áirítear iascaigh ar mhionscála, a fhéadfaidh srian a chur ar dhídhaonrú i gceantair thuaithe agus ar oileáin, agus rannpháirtíocht ghníomhach na mban, na gcomhlachas, lena n-áirítear gildeanna amhail *cofradías*, eagraíochtaí táirgeoirí agus an earnáil mhiondíola a chur chun cinn; á mholadh gur cheart, trí leas a bhaint as maoiniú CEMID, dreasachtaí eacnamaíocha a chur ar fáil d’iascairí, do tháirgeoirí dobharshaothraithe agus d’oibrithe ar fud an tslabhra soláthair a bhfuil bearta déanta acu cheana féin chun a lorg aeráide agus comhshaoil a theorannú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh sa taighde, sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht agus á chur i bhfáth gur cheart leas a bhaint as CEMID freisin chun tacú le cláir agus le

[18] Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú i dtaca le cur chun feidhme Choinbhinsiún 2007 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht, a tugadh i gcrích an 21 Bealtaine 2012 idir an Coiste Ginearálta um Chomhar Talmhaíochta san Aontas Eorpach (Cogeca), Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF) agus Comhlachas Eagraíochtaí Náisiúnta na bhFiontar Iascaireachta san Aontas Eorpach (Europêche), IO L 25, 31.1.2017, lch. 12.

tionscadail taighde agus nuálaíochta lena ndírítear ar dhramhaíl bhia a laghdú agus chun córas bia inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear dreasachtaí a chruthú do chlaochlú digiteach na hearnála i ngach nasc den slabhra luacha do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá na cláir taighde agus nuálaíochta Eorpacha atá ann cheana a lánpháirtiú leis na straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus 'Bithéagsúlacht do 2030' agus le CEMID nua, agus gur gá ról iomlán a thabhairt don earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile feadh an tslabhra luacha chun sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na hearnálacha éagsúla a uasmhéadú;

49. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé mar aidhm ag an gcomhbheartas iascaigh (CBI) iascaireacht roghnaíoch a dhéanamh agus ag tabhairt dá haire go bhfuil infheistíocht á déanamh ag earnáil an iascaigh i dtrealamh roghnaitheach chun na críche sin; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas tacú leis na hinfheistíochtaí sin agus iad a spreagadh;

50. ag cur béim ar an ngá atá ann faireachán, rialú agus forfheidhmiú CBI a fheabhsú, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír agus faireachán leictreonach ar shoithí a thabhairt isteach chun inrianaitheacht bia a fheabhsú;

51. á chur i bhfios gur tháinig méadú ollmhór ar éifeachtúlacht fuinnimh chabhlaigh iascaireachta an Aontais le blianta anuas a bhuí le hoiriúnú na dteicneolaíochtaí nua; ag tabhairt dá haire gur tháinig feabhas ar stoic éisc, go háirithe sa Mhuir Thuaidh, mar gheall ar na caighdeáin arda nach mór d'earnáil iascaireachta an Aontais a chomhlíonadh;

52. á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le hiascaireacht chósta ar mhionscála, agus á chreidiúint gur féidir leis an earnáil sin an t-aistriú chuig bainistiú inbhuanaithe na stoc éisc a éascú go suntasach; á iarraidh ar gach ceann de na Ballstáit, dá réir sin, céatadán na gcuótaí náisiúnta a leithdháiltear ar an earnáil sin a mhéadú;

53. ag moladh d'institiúidí AE agus do na Ballstáit go léir feachtais feasachta oideachais éifeachtacha, a bheidh forleathan agus maoinithe go hiomchuí, a sheoladh do thomhaltóirí chun tomhaltas iasc sláintiúil agus inbhuanaithe a threisiú, chun aird a tharraingt ar airíonna agus ar thairbhí táirgí éisc, agus chun cabhrú le tomhaltóirí rogha stuama a dhéanamh agus táirgí úra éisc á gceannach acu; lena n-áirítear trí thomhaltas speiceas iasc nach bhfuil a oiread sin clú orthu a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnaimh a chur chun feidhme chun dramhaíl bhia agus dramhaíl eile ó mhargaí éisc agus bia mara an Aontais a laghdú;

54. á mheas, leis na feachtais uile chun tomhaltas bia mara a chur chun cinn, gur cheart go mbeadh inbhuanaitheacht na gcleachtas a úsáidtear agus an ról ceannasach atá ag iascaigh na hEorpa sa réimse sin ina mbunchlocha iontu; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart na feachtais sin a chur chun cinn trí oibriú go dlúth le comhlachais trádála agus le comhlachtaí gairmiúla sonracha, amhail saineolaithe cothúcháin, dochtúirí agus péidiatraithe, chun gníomhaíocht spriocdhírithe agus éifeachtach a dhéanamh chun cabhrú le tomhaltóirí Eorpacha;

55. ag tabhairt dá haire go mbeartaítear leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treorach maidir le rátaí CBL go n-úsáidfear cánachas indíreach chun tomhaltas táirgí bia atá

inbhuanaithe agus sláintiúil a spreagadh; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as na huirlisí atá ann cheana i ndáil leis sin, amhail rátaí laghdaithe CBL agus soláthar poiblí glas;

56. ag cáineadh nach luaitear sa straitéis aon cheann de na fadhbanna a eascraíonn as an truailliú a dhéantar i bhfarraigí san Aontas le micreaphlaistigh agus nanaphlaistigh, atá ina gcúis imní do shláinte thomhaltóirí na hEorpa; ag cur béim ar an ngá atá ann dlús a chur le taighde agus le bailiú sonraí i ndáil le tionchar an bhruscair mhuirí, na nanaphlaisteach agus na micreaphlaisteach ar acmhainní iascaigh agus ar shláinte an duine, agus gníomhaíocht a chur chun cinn chun feasacht a mhúscailt i measc thomhaltóirí na hEorpa maidir le fadhb an truaillithe phlaistigh;

57. á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht airgeadais agus infheictheacht a chur ar fáil do thionscadail agus do thionscnaimh atá dírithe ar shlabhraí soláthair a ghiorrú, córais bia áitiúla agus tomhaltas inbhuanaithe bia mara a chur chun cinn agus tacú le hiascach ar mhionscála;

58. á chur i bhfáth gur cheart cleachtais shuáilceacha a chur chun cinn agus a spreagadh in iascaigh chun cloí go hiomlán le geilleagar ciorclach na hEorpa agus chun cuspóirí laghdaithe dramhaíola bia a bhaint amach, amhail athúsáid táirgí a ghabhtar a thiteann faoin íosmhéid tagartha caomhnaithe a bhfuil toirmeasc ar ábhar muirí aischurtha ina leith;

59. ag tabhairt dá haire, mar gheall ar a gcineál, nach bhfuil feidhm ag roinnt de na ceisteanna a bhaineann le leas na n-ainmhithe i straitéis an Choimisiúin maidir le hearnáil an iascaigh;

60. ag cur béim ar an ngá atá ann modhanna comhairliúcháin níos fearr a bhunú d’eagraíochtaí tráchtála iascairí ar mhionscála chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta ábhartha a mbíonn iarmhairtí acu ar a slí bheatha, amhail na coistí idirphlé shóisialta; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chóir chothrom don iascach ar mhionscála toisc nach leor an ionadaíocht a dhéantar ar chomhairlí comhairleacha ná ar fhóraim eile; ag cur béim ar leith ar an tábhacht a bhaineann le hionadaíocht chomhionann agus chothrom agus oibleagáidí idirnáisiúnta mar bhainistiú sóisialta agus éiceachórais á gcur chun feidhme chun a áirithiú go bhfuil sé indéanta iad a chur chun feidhme i ngach cuid chabhlaigh;

61. á chur in iúl, cé go gcuirtear béim mar is ceart sa straitéis ar ról na bhfeirmeoirí mar choimeádaithe na talún, gurb oth léi nach dtugtar an t-aitheantas céanna d’iascairí na hEorpa, ar cheart iad a mheas agus a aithint mar choimeádaithe na farraige agus a bhfuil ról lárnach acu maidir le cuspóirí na straitéise a bhaint amach; á chur in iúl gur cúis díomá di, i ndáil leis an méid sin, nach n-áirithítear leis an straitéis go bhfuil ionadaithe ón earnáil rannpháirteach i bhfóraim institiúideacha nó nach spreagtar léi cur chuige ón mbun aníos lena dtugtar rannpháirt iomlán d’iascairí Eorpacha agus iad ag cur le chéile na rialacha ar gá iad a chur i bhfeidhm; ag cur béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh earnáil an iascaigh rannpháirteach go hiomlán chun cuspóirí na Straitéise ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’ a bhaint amach ina n-iomláine;

62. ag cur béim ar an ngá atá ann iascairí ar mhionscála a spreagadh chun teacht le chéile i

gcumainn, i gcomharchumainn agus in eagraíochtaí táirgeoirí chun a áirithiú go mbeidh seasamh caibidlíochta níos fearr acu le soláthróirí margaidh agus go mbeidh seasamh níos fearr agus níos láidre acu i slabhra an tsoláthair bia chun ioncam cothrom a ráthú dóibh; á chur i bhfios gur cheart go n-aithneofaí comhlachais amhail na gildeanna sa Spáinn *(cofradías)* faoi dhlí AE agus go mbeidís incháilithe chun tacaíocht airgeadais a fháil ar chomhchéim le heagraíochtaí táirgeoirí; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú i ndáil leis sin.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta a ghlactha** | 19.4.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Pietro Bartolo, François-Xavier Bellamy, Izaskun Bilbao Barandica, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Giuseppe Ferrandino, Søren Gade, Niclas Herbst, France Jamet, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Grace O'Sullivan, Manuel Pizarro, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Annie Schreijer-Pierik, Ruža Tomašić, Peter van Dalen, Emma Wiesner |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Benoît Biteau, Manuel Bompard, Nicolás González Casares, Valentino Grant, Petros Kokkalis, Gabriel Mato, Nuno Melo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 27 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Ruža Tomašić |
| ID | Rosanna Conte, Valentino Grant, France Jamet |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Peter van Dalen, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Nuno Melo, Francisco José Millán Mon, Annie Schreijer-Pierik |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Pierre Karleskind, Emma Wiesner |
| S&D | Clara Aguilera, Pietro Bartolo, Giuseppe Ferrandino, Nicolás González Casares, Predrag Fred Matić, Manuel Pizarro |
| The Left | Petros Kokkalis |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Rosa D'Amato, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

| 1 | - |
|---|---|
| The Left | Manuel Bompard |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh